

CWETNS POLASAÍ NA GAEILGE

Réamhrá

Chuir múinteoirí na scoile Canal Way ETNS an polasaí nua seo le chéile bunaithe ar aidhmeanna agus modh múinte an curaclaim Ghaeilge. Cuireadh an polasaí le chéile i 2017. Bhí gach múinteoir páirteach chun é a scríobh.

Tá gá leis an bplean seo :

- chun go mbeidh treoir chinnte againn i múineadh agus úsáid na Gaeilge
- ionas go mbeidh léanúnachas agus forbairt ó rang go rang
- go mbeidh caighdeáin ard Gaeilge againn mar fhoireann scoile
- chun comhthéacs a chruthú d'úsáid na Gaeilge sa scoil
- chun eolas a thabhairt do dhaoine nua ag obair sa scoil
- chun cabhrú linn an Curaclam a chur i bhfeidhm i gcómhthéacs na aidhmeanna seo thíos

Aidhmeanna :

- Úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn
- Dearcadh dearfach i leith na gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú
- Taitneamh a bheith le baint as foghlaim na gaeilge
- Cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a m[h]uinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéal a oireann dó/di féin agus don scoile seo
- Éisteacht, labhairt, leitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- Cúram a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chogníoch, mhothúchanach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste
- Cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste

An plan i gcomhthéacs na scoile:

Is é an fíis atá againn sa scoil seo ná go bhfoghlaimoidh na páistí an Ghaeilge go héifeachtach agus le taitneamh agus mar thoradh ar seo go mbeidh siad in ann an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach. Tá Scoil Canal Way Educate Together suite beagnach i lár na cathrach, i mBaile Átha Cliath 8. Tá timpeall dhá chéad dalta againn an bhliain seo agus dáréag múinteoir ar an bhfoireann. Níl mórán Gaeilge thart ar an gceantar. Mar sin tá sé mar sprioc againn go ndéanfaidh na múinteoirí iarracht labhairt i nGaeilge mar ghnáth theanga chumarsáide chomh minic agus is féidir agus sa tslí seo go spreagfaí na páistí an dea shampla a leanúint chun an Ghaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil. Scoil sách nua atá againn a bunaíodh sa bhliain 2013. Tá a fhios againn go bhfuil go leor páistí idirnáisiúnta againn.. Mar gheall ar sin caithimid béim bhreise a chur ar múineadh an Bhéarla sa scoil seo. Freisin tá sé deacair dona thuismitheoirí nach labhraíonn aon Béarla chun tacaíocht a thabhairt do na páistí maidir leis an Ghaeilge.

Gaeilge Neamhfhoirmiúil: Plean Scoile

Maidir le húsáid nádúrtha na Gaeilge sa seomra ranga, tá liosta curtha le chéile again:

Beannachtaí	
Dia duit – Dia ‘s Muire duit Conas atá tú? Tá/Níl mé go maith Go raibh maith agat – Fáilte romhat	Gabh mo leithscéal Tá brón orm – Ceart go leor Slán / Tóg go bog é

Am	Naíonáin	Rang 1 & 2	Rang 3 & 4	Rang 5 & 6
Ar Maidin	Maidin mhaith Téigí isteach Suígí síos Lean ar aghaidh	Dún an doras Conas atá tú? Tabhair dom...	Tógaigí amach... Las an solas	Bain díot/Croch suas do chóta
Am Rolla	Anseo/As láthair An bhfuil gach duine istigh? Tá/Níl	Cé atá as láthair? Tá ____ as láthair Tá ____ tinn	Cén lá inniu? Inniu an... Agus amárach... Agus inné...	Cé mhéad duine atá as láthair inniu?
I Rith an Lae	Tóg amach Ciúnas Stop.. <i>An bhfuil cead agam? m.sh. leithreas</i>	Tógaigí amach... Tosaigí an obair An bhfuil tú críochnaithe? Cé leis é seo?	Brostaigh Nóiméad amháin fágtha	Cad é an Ghaeilge ar...
Sa chlós	Cad is ainm duit?	Ná bí ag...	Cad a tharla? <i>Thit mé.</i> <i>Ghortaigh mé mo...</i>	Tá an t-am istigh. Faigh an fheadóg.
Sa halla	Siúl / Siúlaigí Rith / rithigí Léim / léimigí Stop / stopaigí	Cas / casaigí Téigh go dtí – Tar anseo. Tagaigí anseo	Bígí ag scipeáil Cas ar dheis Cas ar chlé Bog ar aghaidh	Coischéim mh/bh Déanaigí ciorcal Le do lámh chlé. Le do chos dheas.
Am Lóin	Bígí ag ithe An maith leat? Is maith liom/ní maith liom Téigí sa line	Glan do bhord Cuir do chathaoir isteach Faigh do chóta	<i>An mbeimid ag dul amach?</i>	Scuab an t-urlár le do thoil

NA TEAMAÍ

Beidh na deich gcinn de na téamaí seo a leanas in úsáid i ngach rang sa scoil. Is iad na téamaí ná

1. Mé Féin
2. Sa bhaile
3. An teilifís
4. An aimsir
5. Bia
6. An scoil
7. Siopadóireacht
8. Caitheamh aimsire
9. Éadaí
10. Ócáidí Speisialta

Snáitheanna an Churaclaim:

Déanfaidh na múinteoirí i Canal Way ETNS gach plean Gaeilge leis na snáitheanna seo chun tosaigh ina n-intinn:

Éisteacht

Tá an-tábhacht ag baint le héisteacht i foghlaim na teanga. Is í an éisteacht an príomhscil teanga a bhíonn ag páistí agus iad ag teacht chuig an mbunscoil. Mar sin is tréimhse an-thábhachtach iad na blianta tosaigh ar scoil. Bíonn na páistí ag éisteacht leis an teanga go neamhfhoirmiúil sa rang nuair a bhíonn an múinteoir ag bainistiú ranga. Cloiseann siad an Ghaeilge chomh maith nuair atá na múinteoirí i mbun cumarsáide sa rang agus i dtimpeallacht na scoile. Tá sé tábhachtach an teanga a úsáid go neamhfhoirmiúil i gnáth cúrsaí an lae chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirtear béim ar scil na héisteachta i rith an cheachta chomh maith – éisteacht go foirmiúil. Úsáidfaidh na múinteoirí cluichí teanga ina gcaitheann na páistí an scil seo a úsáid agus a fhorbairt.

Labhairt

Cuireann na múinteoirí béim ar labhairt na Gaeilge. Ba mhaith linn go mbeidh na páistí in ann labhairt go simplí faoi na topaicí a bhfuil spéis acu iontu agus go mbeidh siad in ann caidreamh bunúsach sóisialta a dhéanamh. Chun an aidhm seo a bhaint amach spreagtar na páistí chun labhairt i nGaeilge go neamhfhoirmiúil chomh minic agus is féidir i rith an lae agus chun labhairt go foirmiúil nuair atá rang ar siúl. Chomh maith leis sin, beidh béim mhór curtha ar obair bheirte sa scoil chun seansanna a thabhairt chun labhairt na bpáistí a fhorbairt.

Léitheoireacht

Tosaíonn clár ullmhúcháin don litreacht i ranganna na naíonán le rainn, cluichí teanga, amhráin agus pictiúrleabhair, scéalta, agus na leabhair mhóra. Cuirtear le seo i Rang 1 agus 2 le prionta sa timpeallacht agus léitheoireacht idirghníomhach. Tártaíonn tús na

léitheoireachta go hoifigiúil i Rang 2. Tugann an léitheoireacht eolas, pléisiúir agus taitneamh don léitheoir, mar sin, chomh maith leis na leabhair léitheoireachta ranga beidhimid ag cur leis na leabhair Ghaeilge atá sa leabharlann. Beidh leabhair spéisiúla agus oiriúnacha do na ranganna go léir á lorg againn.

Scríbhneoireacht

Tárlaíonn tús na scríbhneoireachta i rang 2 le cóipeáil frásaí agus abairtí bunaithe ar na téamaí. Téann an scríbhneoireacht chun cinn le tascanna scríbhneoireachta m.sh. ailt bunaithe ar nuacht phearsanta. Tuigimid go bhfuil gá le cleachtadh i scríbhneoireacht fheidhmiúil agus chruthaitheach. Tosaíonn obair ar litriú go neamhfhoirmiúil i rang a 2 agus leanann sé ar aghaidh go foirmiúil ó rang a 3. Tá an ghramadach á fhoghlaim de réir a chéile ach déantar go foirmiúil ó rang 2. .Beidh béim ar úsáid agus cumarsáid i gconaí i bhfoghlaim na gramadaí.

Cur Chuige Cumarsáideach:

Is ar chumarsáid a leagtar béim sa churaclam. Is iad príomhghnéithe an cur chuige cumarsáideach ná diriú ar riachtanaisí teanga na bpáistí agus a chinntiú go bhfuil baint ag na topaicí/teanga atá tábhachtach i saol an pháiste. Beidh na páistí in ann na feidhmeanna teanga a úsáid, mar shampla slán a fhágáil, ceist a chur, freagra a thabhairt, etc. Caithfidh an páiste an teanga a úsáid chun í a fhoghlaim go héifeachtach. Cruthaíonn an múinteoir suíomh ina mbeidh gá ag an bpáiste le húsáid na Gaeilge. Mar sin bíonn cumarsáid mar sprioc le gach ceacht Gaeilge agus bíonn na ceithre snaitheanna comhtháite lena chéile a oiread agus is féidir.

Sa structúr don cheacht, roinntear é ar thrí thréimhse

- An tréimhse réamhchumarsáide
- An tréimhse cumarsáide
- An tréimhse iarchumarsáide

Ba chóir béim a leagadh ar fhoghlaim foclóra agus gramadaí sa tréimhse réamhchumarsáide, ar úsáid an teanga sa tréimhse cumarsáide (comhrá, rólghlacadh, cluichí teanga &rl) agus ar dhaingniú agus ar thraschur scileanna sa tréimhse iarchumarsáide.

Na Cláir atá in úsáid sa scoil:

Úsáidtear Bua na Cainte go dtí rang 2 agus Béal Beo ó rang 3 go dtí rang 6. Tá físeanna, rannta, amhráin agus go leor rudaí eile taitneamhach bainteach leis na cláir seo. Sin ráite, caitfimid béim a chur ar chumarsáid mar atá ráite thuas sa phlean seo. Déanfaidh na múinteoirí na cláir seo a úsáid amháin ag tús agus deireadh gach ceacht. Ba cheart go mbeadh croí na ceachta (An tréimhse cumarsáide) ná Obair bheirte nó tasc eile nádúrtha.

Obair Bhaile

Tugtar obair bhaile sa ghaeilge. Aithnímd go mbíonn deacrachtaí le obair bhaile sa ghaeilge de bharr easpa eolais ag na tuismitheoirí. Déanann gach múinteoir a dícheal

an obair a shoileiriu ionas go mbeidh an dalta in ann an obair a dhéanamh gan cabhair sa bhaile.

Daltaí le fadhbanna oideachais

Tabharfar gach cabhair agus spreagadh do dhaltaí le fadhbanna oideachais tríd an ghaeilge a mhúineadh gan bhrú agus ar bhealach taitneamhach ionas gur spreagtar muinín sna daltaí seo.

Ám-chlár don ghaeilge

Caithfear trí uair go leith gach seachtain le múineadh na gaeilge ó rang 1. Caithfear dhá uair go leith gach seachtain le múineadh na gaeilge sna ranganna naíonáin. Úsáidfear an ghaeilge go neamhfhorimiuil i rith an lae sa scoil, bunaithe ar an gclár atá san áireamh thuas.

Comhtháthú le hÁbhair eile:

Déanfaimid iarracht roinnt Gaeilge a usáid chomh minic agus is féidir in ábhair éagsúla sa scoil i rith na bliana. Beidh saoirse ag múinteoirí a rogha féin a dhéanamh m.sh. d'fhéadfadh múinteoir rang Ealaíne nó Corp Oideachais a dhéanamh trí Ghaeilge, nó cuid den rang sin.

Measúnú ar chumas an pháiste agus ar éifeacht an pholasaí seo

- Dírbhreatnú an mhúinteora ar an bpáiste
- Tascanna agus trialacha deartha ag an múinteoirí
- Obair bhaile
- Trialacha diagnóiseacha
- Dearcadh agus tuairiscí ó na tuismitheoirí
- Measúnu na scoileanna dara leibhéal
- Tuairisc an cigire scoile

ATHBREATHNÚ AR AN BPOLASÁÍ SEO

Deanfar athbreatnú ar an bpolasaí seo ag deireadh an scoil bhliain 2019. Beidh se de dhulgas ar an bhfoireann múinte uilig a dtuarimí a thabhairt agus a phle agus deanfar athraithe mas gá.

This Policy was ratified by the BOM on _____

Review Date _____

Chairperson _____

Principal _____